# Ceisteanna Coitianta (CC) - Curaclam Athfhorbartha na Bunscoile - 2025

## Céard é Curaclam Athfhorbartha na Bunscoile?

Is éard atá i gceist le Curaclam na Bunscoile ná *Creatchuraclam na Bunscoile* (2023) agus cúig shonraíocht réimse curaclaim, lena n-áirítear:

- **Oideachas Ealaíon** (lena n-áirítear Ealaín, Drámaíocht agus Ceol)
- **Teanga** (lena n-áirítear Gaeilge, Béarla agus Nuatheangacha Iasachta)
- **Oideachas Sóisialta agus Imshaoil** (lena n-áirítear Stair agus Tíreolaíocht)
- **Oideachas ETIM** (lena n-áirítear Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice)
- **Folláine** (lena n-áirítear Corpoideachas agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte).

Chun rochtain a fháil ar *Chreatchuraclam na Bunscoile* agus ar na cúig shonraíocht réimse curaclaim, tabhair cuairt ar https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/primary/

## Cé dó an curaclam athfhorbartha?

Is le haghaidh gach páiste a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta in Éirinn Curaclam Athfhorbartha na Bunscoile.

## Cén fáth a bhfuil an curaclam á athfhorbairt?

Tá cuid mhór de Churaclam na Bunscoile breis is 25 bliana d'aois. Athforbraíodh an curaclam chun:

- tógáil ar bhuanna reatha ár mbunscoileanna agus ár scoileanna speisialta
- léiriú a thabhairt ar riachtanais athraitheacha páistí agus na sochaí
- tacú le foghlaim ionchuimsitheach, páistelárnach
- na Príomhinniúlachtaí* atá tábhachtach do pháistí chun maireachtáil i ndomhan an lae inniu a chomhtháthú
- an t-eolas, scileanna, coincheapa, claontaí, meonta agus luachanna riachtanacha a chur ar fáil do pháistí, a chuirfidh ar a gcumas iad féin a oiriúnú chun déileáil le cásanna, dúshláin agus comhthéacsanna éagsúla
- an fhoghlaim ó thaighde, ó léargais ghairmiúla ó bheith ag obair le scoileanna, agus ó eispéiris saoil páistí agus a dteaghlaigh a chomhtháthú.

*Is iad seo na seacht bPríomhinniúlacht: A bheith i do shaoránach gníomhach; A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach; A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid; A bheith cruthaitheach; A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach; A bheith matamaiticiúil agus; A bheith folláin.

## Conas a athfforbraíodh an curaclam?

Athfforbraíodh an curaclam trí chur chuige comhoibríoch agus cuimsitheach a raibh taighde, comhairliúchán, líonrú agus plé cuimsitheach i gceist leis. Rinne an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) an próiseas a stiúradh trí:

- taighde cuimsitheach a choimisiúnú, lena n-áirítear léirmheasanna litríochta ar réimsí éagsúla curaclaim agus staidéar fadama ar *Saol Scoile Páistí*
- tabhairt faoi chomhairliúcháin leathana le grúpaí éagsúla, lena n-áirítear páistí, tuismitheoirí, ceannairí scoile, agus páirtithe leasmhara eile, trí imeachtaí comhairliúcháin, suirbhéanna ar líne, fócasghrúpaí agus seimineáir
- daoine a thabhairt le chéile chun plé a dhéanamh ar an gcuraclam trí Sheimineáir Churaclaim, seimineáir *Leading Out* agus seimineáir *Reimagining the Curriculum*
- obair, thar roinnt blianta, leis an bhFóram Scoileanna, a bhfuil ionadaithe ann ó os cionn 60 scoil
- plé trí Mheithleacha Forbartha Réimse Curaclaim, Bord CNCM don Luath-Óige agus don Bhunscoil agus Comhairle CNCM.

## Cé acu a raibh deis tuairim a chur in iúl maidir le conas a bhí an curaclam á athfhorbairt?

Chuir na mílte duine le hathfhorbairt an churaclaim:

- bhí páistí páirteach i gcomhairliúcháin chun a gcuid tuairimí ar an gcuraclam a roinnt
- bhí tuismitheoirí páirteach trí fhócasghrúpaí, aighneachtaí agus suirbhéanna
- bhí an pobal páirteach trí aighneachtaí agus suirbhéanna
- bhí múinteoirí agus ceannairí scoile páirteach trí chomhairliúcháin, líonraí scoile agus Meithleacha Forbartha
- rinne páirtithe oideachais agus páirtithe leasmhara níos leithne ón earnáil oideachais ar fad, lena n-áirítear comharchumainn múinteoirí, comhlachtaí bainistíochta, na seirbhísí tacaíochta agus ranna/gníomhaireachtaí rialtais, ionchur a thabhairt trí imeachtaí comhairliúcháin, seimineáir, cruinnithe agus aighneachtaí i scríbhinn
- chuir acadóirí agus taighdeoirí fianaise taighde agus sainchomhairle ar fáil, lena n-áirítear Painéal Comhairleach (Bunscoil) CNCM.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar conas a athfforbraíodh an curaclam, tabhair cuairt ar https://ncca.ie/ga/bunscoil/

## Cathain a thabharfar an curaclam nua isteach?

Cuirfear tús leis an gcuraclam athfhorbartha a thabhairt isteach ar shlí chéimnithe ó Mheán Fómhair 2025, ag tosú le bliain tosaigh. Beidh cur i bhfeidhm iomlán i gceist diaidh ar dhiaidh ansin thar roinnt blianta ó 2026 go 2032.

## Céard é fís an churaclaim athfhorbartha?

An curaclam:

- tá sé mar aidhm leis an gcuraclam bunchloch láidir a leagan síos do gach páiste chun go mbeidh siad faoi bhláth agus faoi rath

- síleann sé an páiste a bheith ina nduine uathúil, inniúil, agus comhbhách
- aithníonn sé ceart gach páiste dul chun cinn a dhéanamh i ngach réimse dá gcuid foghlama
- síleann sé an múinteoir a bheith ina ngairmí tiomanta, sciliúil agus gníomhaíoch
- tacaíonn sé leis an leanúnachas foghlama ón luath-óige, agus páistí ag dul ón oideachas bunscoile agus speisialta go dtí an t-oideachas iar-bhunscoile.

## Céard iad na hathruithe a bhraithfidh na páistí sa seomra ranga?

Bainfidh páistí tairbhe as:

- curaclam atá níos comhtháite
- béim níos mó ar chumas gníomhúcháin na bpáistí agus rogha
- deiseanna chun na Príomhinniúlachtaí atá tábhachtach chun maireachtáil i ndomhan an lae inniu a fhorbairt
- béim níos mó ar eispéiris foghlama spraíúla agus tharraingteacha
- béim mhéadaithe ar eispéiris foghlama ghníomhacha agus ar bhonn fiosraithe, taobh istigh agus amuigh faoin aer
- deiseanna nua foghlama in Oideachas ETIM le béim níos mó ar an teicneolaíocht; cur chuige níos leithne i leith an Oideachais Ealaíon lena n-áirítear ealaíona na meán; bunchúrsa Nuatheangacha Iasachta (NTI); cur chuige nua i leith an Chorpoideachais; foghlaim nuashonraithe in Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS); agus foghlaim nua maidir le reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha mar chuid den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI).

## Conas a thacófar le múinteoirí?

Gheobhaidh múinteoirí agus ceannairí scoile:

- foghlaim ghairmiúil trí Oide, CNOS agus TIBÉ
- laethanta dúnta uile-scoile
- tacaíochtaí ar scoil agus acmhainní ar líne
- rochtain ar Thacar Uirlisí Ar Líne CNCM ar curriculumonline.ie.

Chun tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar: Suíomh An Roinn Oideachais agus Óige

## An mbeidh solúbthacht ag scoileanna maidir le conas a thugann siad an curaclam isteach?

Beidh, laistigh de pharaiméadair na treorach ón Roinn Oideachais agus Óige, is féidir le scoileanna tosú ag obair leis an gcuraclam ar a luas féin agus a chur chun feidhme a chur in oiriúint dá gcomhthéacs uathúil.

Chun tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar: Suíomh An Roinn Oideachais agus Óige

## Cá háit ar féidir liom teacht ar bhreis faisnéise agus acmhainní?

Tabhair cuairt ar:

- www.ncca.ie do nuashonruithe agus cáipéisí curaclaim

- www.curriculumonline.ie do thacair uirlisí agus faisnéis maidir le gach réimse curaclaim
- https://www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/ d’fhaisnéis maidir le beartas.